



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

13215/23
ADD 3

ECOFIN 902
FIN 937
UEM 250

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	19 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2023) 545 final
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann leis an TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS CHUIG AN gCOMHAIRLE maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar aghaidh

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 545 final
IARSCRÍBHINN 2.

Faoi iamh: COM(2023) 545 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséal, 19.9.2023
COM(2023) 545 final

ANNEX 2

IARSCRÍBHINN

a ghabhann leis an

**TUARASCÁIL ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA AGUS
CHUIG AN gCOMHAIRLE**

**maidir le cur chun feidhme na Saoráide Téarnaimh agus Athléimneachta: Ag bogadh ar
aghaidh**

Iarscríbhinn II – Garspriocanna agus Spriocanna a Chealú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta

I gcomhréir leis an dara habairt d’Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) 2021/241 (‘Rialachán RRF’), ‘*tá sé le tuiscint, maidir le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna, nach bhfuil an Ballstát tar éis bearta a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil cheana féin a aisiompú.*’ Leis an nóta seo, tugtar creat do chur i bhfeidhm na forála seo. Tugtar aghaidh leis ar mholadh ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa¹ agus cuirtear soiléireacht agus trédhearcacht dhlíthiúil ar fáil leis maidir leis an bpróiseas le leanúint i gcás aisiompú, rud a áiríthíonn cur chun feidhme leanúnach RRF. Is féidir leis an gCoimisiún an mhodheolaíocht sin a athbhreithniú agus a leasú de réir mar a fhoghlaiméoidh sé a thuilleadh faoina cur i bhfeidhm.

1. Raon feidhme an aisiompaithe

Is ann d’aisiompú garsprice nó sprice nuair nach féidir garsprioc nó sprioc, a measadh i gceart de bheith comhlíonta go sásúil roimhe (agus gur íocadh as an mBallstát), a mheas de bheith comhlíonta go sásúil a thuilleadh.

Óir tagraítear sa Rialachán d’easpa aisiompaithe ‘*ag an mBallstát lena mbaineann*’, ní chumhdaítear le trucearú Airteagal 24(3), an dara habairt, ach aisiompú atá inchurtha i leith an Bhallstáit, trí ghníomh nó trí neamhghníomh². Ní gá gur coibhéiseach é an cás seo le cás ina scoireann an garsprioc nó an sprioc go simplí dá gcomhlíonadh. Ní thugtar le tuiscint ón Rialachán, dá bhrí sin, nach mór gach garsprioc agus sprioc a bhaint amach ar bhonn leanúnach thar shaolré RRF, le nach measfaí iad a bheith aisiompaithe. I bhfianaise an mhéid sin, na haisiompuithe den garsprioc ná den sprioc nach inchurtha i leith an Bhallstáit iad, ní mheastar mar bhonn iad chun Airteagal 24(3) de Rialachán RRF a thrucéarú³.

Féadfaidh a mhéid atá sé inchurtha i leith an Bhallstáit eascairt as gníomhartha nó neamhghníomhartha orgán Stáit, comhlachtaí poiblí agus gnóthas poiblí eile, seachas as gníomhartha nó neamhghníomhartha an rialtais amháin⁴.

¹ Tuarascáil speisialta 07/2023: Dearadh chóras rialaithe an Choimisiúin don RRF.

² Tacaítear leis an léamh sin ar ghníomh ag an mBallstát lena mbaineann i leaganacha de Rialachán RRF i dteangacha eile. Mar shampla, sa téacs Fraincise: *Le fait d’avoir atteint les jalons et cibles de manière satisfaisante présuppose que l’État membre concerné n’a pas annulé les mesures liées aux jalons et cibles précédemment atteints de manière satisfaisante.*

³ Mar shampla, dá scríosfaí infheistíocht i mbonneagar de bharr tubaiste nádúrtha, cé go bhféadfaí nach measfaí an garsprioc ná an sprioc de bheith comhlíonta go sásúil, ní hé an Ballstát is cúis leis an aisiompú sin. Mar shampla eile, dá gcuirfí FBM faoi dhócmhainneacht tar éis dó fóirdheontas a fháil, ní hé gníomh ná neamhghníomh an Bhallstáit is cúis leis sin.

⁴ Mar shampla, dá n-éileofaí teacht i bhfeidhm reachtaíochta le garsprioc agus dá measfaí í a bheith comhlíonta go sásúil, dá neamhneofaí an reachtaíocht ag Cúirt níos moille, meastar é sin a bheith ina aisiompú ag an mBallstát i gcás inar cheart don Bhallstát gníomh a dhéanamh go tapa chun a áirithiú go nglactar le reachtaíocht nua lena n-urrámaítear ceanglais na garsprice.

Cásanna ina ndéanfar idirdhealú ó aisiompú

Mainneachtain **Ballstáit chun céimeanna leantacha d'athchóiriú nó d'infheistíocht a chur chun feidhme, ní tásc í, *prima facie*, d'aisiompú** ar gharspriocanna nó spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe sin, agus is féidir go ndéanfaidh sí difear do chomhlíonadh sásúil garsprice nó sprice ina dhiaidh sin.

Aon **athrú ar athchóiriú nó infheistíocht a chomhlíonadh ceanglais na garsprice nó ná sprice gaolmhaire go fóill, níor cheart go measfaí mar aisiompú é.** Ina leith sin, athruithe ar eilimintí nach gá iad do chomhlíonadh sásúil na garsprice ná na sprice faoi seach, ní féidir leo a bheith mar bhonn chun go measfaí garsprioc nó sprioc a bheith aisiompaithe.

Sa chás sonrath **ina dtiocfadh aisiompú garsprice nó sprice de bharr sárú ar an oibleagáid chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint**, ba cheart don Bhallstát gníomh a dhéanamh chun a áirithiú go gcomhlíonfar fós an gharsprioc nó an sprioc. Dá mainneodh ar an mBallstát gníomh den sórt sin a dhéanamh laistigh d'am réasúnach, bheadh an mhainneachtain sin ina truícearú d'Airteagal 24(3), an dara habairt, de Rialachán RRF.

Tá idirdhealú idir aisiompú garsprice nó sprice ag an mBallstát agus cinneadh (*ex post*) go raibh an fhianaise faoi bhun iarratas ar íocaíocht mhícheart. Ciallaítear le cinneadh ag an gCoimisiún, mar shampla trína iniúchtaí *ex post*, go raibh an fhianaise faoi bhun iarratas ar íocaíocht mhícheart nár cheart go measfaí an gharsprioc ná an sprioc de bheith comhlíonta go sásúil an chéad lá riamh. Le haghaidh cásanna den sórt sin, tarlóidh aisghabhálacha ar bhonn Airteagal 19(2) den Chomhaontú Maoiniúcháin.

Riosca an aisiompaithe

Cé go bhféadfaidh an Ballstát idir infheistíochtaí agus athchóirithe a aisiompú, is airde an riosca go mbeadh Ballstát freagrach as garsprioc/sprioc a aisiompú i leith athchóirithe seachas i leith infheistíochta. A luaithe a bhíonn infheistíocht i bhfeidhm agus a measadh í a bheith comhlíonta go sásúil, ní dócha go ndéanfaidh Ballstáit gníomh chun infheistíocht den sórt sin a aisiompú. Tá an méid sin ag teacht leis an *travaux préparatoires* don fhoráil seo, a tugadh isteach sna hidirbheartaíochtaí leis an réasúnaíocht chun a áirithiú nach n- aisiompófaí na hathchóirithe⁵.

2. Próiseas chun aisiompuithe a shainiú

Le linn an réamh- mheasúnaithe ar gach iarratas ar íocaíocht, breithneoidh an Coimisiún cé acu atá nó nach bhfuil aon fhianaise aige gur aisiompaigh an Ballstát garspriocanna agus spriocanna. Déanfar an méid sin ar bhonn:

1. *An t- iarratas ar íocaíocht:* I gcomhréir le teimpléad an iarratais ar íocaíocht, ba cheart do na Ballstáit deimhniú a thabhairt don Choimisiún le gach iarratas ar íocaíocht nach bhfuil garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh roimhe aisiompaithe. Murar dheimhnigh an Ballstát an méid sin (nó má dheimhnigh go sainráite go bhfuil

⁵ Tá nasc idir prionsabal an neamh- aisiompaithe le húrnuacht RRF, lena maoinítear athchóirithe na mBallstát, i dteannta na n- infheistíochtaí. Is díol suntais é gur tugadh an fhoráil sin isteach leis an loighic go mbeidh tionchar fadmarthanach RRF spleách cuid mhaith ar chur chun feidhme leanúnach na n- athchóirithe, a d'fhéadfaí a aisiompú de bharr chineál agus leagan amach an phróisis ceaptha beartais, trí bhearta contrártha eile a dhéanann an Ballstát.

garspriocanna agus spriocanna aisiompaithe), beidh sé sin ina thruicearú d'imscrúduithe breise ag an gCoimisiún.

2. *Fógraí ag an mBallstát*: I gcomhréir le Clásal 2.2 de na Socruithe Oibriúcháin, ní foláir do Bhallstáit fógra a thabhairt don Choimisiún faoi aon athrú sa doiciméadacht arna sainaithe sa sásra fíorúcháin ar a ndearnadh an measúnú, lena mbaineann cineál ábhartha chun difear a dhéanamh do mheasúnú den sórt sin nó don mheasúnú ar gharspriocanna agus spriocanna amach anseo.
3. *Aon fhianaise bhreise a d'fhéadfadh an Coimisiún a fháil*: Is féidir gur feasach don Choimisiún trí mheán foinsí malartacha (mar shampla, an Seimeastar Eorpach, faisnéis páirtithe leasmhara nó iniúchtaí *ex post*) fianaise gur aisiompaigh an Ballstát garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe sin.

Bunaithe ar an méid thuas, dá ndeimhneodh an Ballstát ina iarratas ar íocaíocht nár aisiompaíodh bearta i ndáil le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe sin, agus nach bhfuil fianaise dá mhalairt ag an gCoimisiún, deimhneofar an méid sin don Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais sa réamh-mheasúnú ar an iarratas ábhartha ar íocaíocht.

Dá measfadh an Coimisiún go *mb'fhéidir* gur aisiompaigh an Ballstát garsprioc nó sprioc a measadh a bheith comhlíonta go sásúil roimhe sin, i gcomhréir le hAirteagal 6(4) den Chomhaontú Maoiniúcháin, féadfaidh an Coimisiún faisnéis fhorlíontach a iarraidh agus seiceálacha nó rialuithe ar an láthair a dhéanamh chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá nó nach bhfuil aisiompú ag an mBallstát tar éis tarlú.

3. Impleachtaí aisiompaithe atá inchurtha i leith an Bhallstáit

I gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán RRF, i gcás ina measann an Coimisiún nár aisiompaigh an Ballstát beart i ndáil le garsprioc nó sprioc a comhlíonadh go sásúil roimhe sin, ní mheasfar aon gharsprioc ná sprioc bhreise a bheith comhlíonta go sásúil, go dtí go dtabharfar aghaidh ar an aisiompú.

Féadfaidh Ballstát aghaidh a thabhairt ar aisiompú garsprice nó sprice trí ghníomh a dhéanamh chun a áirithiú go measfar an gharsprioc nó an sprioc de bheith comhlíonta go sásúil arís.

I gcás nach ndéanann an Ballstát gníomh, tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar aisiompú garsprice nó sprice trí bhuiséad an Aontais a chur sa staid chéanna amhail is nach measfaí an gharsprioc ná an sprioc sin de bheith comhlíonta go sásúil.

Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar an aisiompú trí íoc cistí ó na hiarratais ar íocaíocht ina dhiaidh sin a chur ar fionraí. Tiocfaidh fionraíocht dá thoradh sin – agus, mura ndéanfar aon ghníomh laistigh de 6 mhí, laghdú – dar mhéid comhionann leis an méid a fhaigheann an Ballstát is féidir a chur i leith na garsprice nó na sprice a aisiompaíodh. Úsáidfidh an Coimisiún modheolaíocht na fionraíochta páirtí chun na críche sin, mar a shonraítear in iarscríbhinn II den Teachtaireacht *'an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta: 2 bhliain ar an bhfód, Ionstraim uathúil atá i gcroílár chlaochlú glas agus digiteach an Aontais' an 21 Feabhra 2023*⁶.

I gcomhréir le modheolaíocht na fionraíochta páirtí, chun úsáid éifeachtach chistí RRF a áirithiú agus leasanna airgeadais an Aontais a chosaint, tiocfaidh fionraíocht na tráthchoda

⁶ https://commission.europa.eu/system/files/2023-02/COM_2023_99_1_EN.pdf

iomláine agus gach tráthchoda amach anseo ó neamh- chomhlíonadh garspriocanna nó spriocanna i ndáil le córas iniúchóireachta agus rialaithe Ballstáit ar ghá iad chun Airteagal 22 de Rialachán RRF a chomhlíonadh. Agus an cur chuige céanna á leanúint, i gcás ina mbaineann aisiompú le garspriocanna nó spriocanna den sórt sin, ní mheasfar aon gharsprioc ná sprioc de bheith comhlíonta go sásúil go dtí go mbeidh an t- aisiompú ceartaithe ag an mBallstát.

4. Creat dlíthiúil agus nós imeachta i gcás aisiompú atá inchurtha i leith an Bhallstáit

I gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán RRF, cuirfidh an Coimisiún san áireamh aisiompuithe a d'fhéadfadh tarlú, agus measúnú á dhéanamh ar na hiarratais seo a leanas ar íocaíocht arna gcur isteach ag an mBallstát lena mbaineann.

Baineann Airteagal 24(6) de Rialachán RRF leis an gcás ina suitear i réamh- mheasúnú an Choimisiúin nach bhfuil na garspriocanna agus spriocanna comhlíonta go sásúil. Beidh an fhoráil seo infheidhme freisin i gcás inar aisiompaigh an Ballstát lena mbaineann bearta a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe, i bhfianaise sa chás sin freisin, nach féidir na garspriocanna ná spriocanna sin a mheas a bheith comhlíonta go sásúil a thuilleadh.

Óir déantar measúnú ar an mbeart a bhaineann leis an ngarsprioc nó sprioc gan a bheith comhlíonta go sásúil, leanfaidh an Coimisiún an nós imeachta d'Airteagal 24(6) maidir le réamh- mheasúnú diúltach.

Nós Imeachta:

- Déanfaidh an Coimisiún ar dtús an Ballstát a chur ar an eolas go ndéantar measúnú ar gharsprioc nó sprioc gan a bheith á chomhlíonadh go sásúil a thuilleadh. Míneofar na fáthanna don réamh- mheasúnú diúltach don Bhallstát ar bhealach cuimsitheach. Ar an dara dul síos, féadfaidh an Ballstát a chuid barúlacha a thíolacadh laistigh de 1 mhí amháin ó mheasúnú an Choimisiúin. Ar an tríú dul síos, i gcás nach leor iad barúlacha an Bhallstáit chun an réamh- mheasúnú diúltach a athrú, glacfaidh an Coimisiún cinneadh fionraíochta. Ar deireadh, i gcomhréir le hAirteagal 24(6), an dara fómhír, i gcás nach bhfuasclaíonn an Ballstát an t- aisiompú trí ghníomh a dhéanamh chun a áirithiú gur féidir an gharsprioc nó an sprioc ábhartha a mheasúnú de bheith á chomhlíonadh go sásúil laistigh de thréimhse 6 mhí ón bhfionraíocht, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh chuig laghdú cistí, i gcomhréir le hAirteagal 24(8) den Rialachán RRF.
- Leis an méid atá le cur ar fionraí a fháil amach, ríomhfaidh an Coimisiún luach na garsprice nó na sprice atá aisiompaithe ag an mBallstát lena mbaineann agus, dá bhrí sin, nach féidir a mheas de bheith á chomhlíonadh go sásúil a thuilleadh, trí úsáid a bhaint as modheolaíocht na híocaíochta páirtí⁷.

⁷ I gcomhréir leis an Teachtaireacht sin, ní féidir leis an luach uasta méid iomlán na tráthchoda (na dtráthchodanna) ina bhfuil garspriocanna aisiompaithe a shárú, seachas i gcás neamh- chomhlíonadh garspriocanna agus spriocanna i ndáil le córas rialaithe Ballstáit.

- I gcomhthreo leis sin, rachaidh an Coimisiún ar aghaidh lena réamh- mheasúnú ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna den iarratas ar íocaíocht, agus cuirfidh sé a thorthaí faoi bhráid an Choiste Eacnamaíoch agus Airgeadais.
- Le glacadh an chinnidh fionraíochta, fuasclóidh an Coimisiún an t- aisiompú, trína áirithiú go dtugtar cosaint do bhuiséad an Aontais trína bheith sa staid chéanna amháil is nár tharla aon íocaíocht as an ngarsprioc ná sprioc. I bhfianaise, tar éis na fionraíochta, nach bhfuil aon chiste leithdháilte ar an mBallstát as aon gharsprioc ná sprioc nach bhfuil comhlíonta go sásúil, meastar an t- aisiompú a bheith fuascailte, i gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán RRF. Beidh an Coimisiún in ann ansin measúnú a dhéanamh ar gharspriocanna agus spriocanna an iarratais ar íocaíocht agus údarú a thabhairt d'eisíocaíocht chomhfhreagrach na tráthchoda den ranníocaíocht airgeadais nó den iasacht (gan an méid a cuireadh ar fionraí de bharr an aisiompaithe a áireamh⁸).

Aisiompú lasmuigh de chomhthéacs iarratais ar íocaíocht

I gcás ina n- éiríonn an Coimisiún feasach faoi aisiompú lasmuigh de chomhthéacs iarratais ar íocaíocht, ní fhanfaidh seirbhísí an Choimisiúin go dtí cur isteach an chéad iarratais eile ar íocaíocht, agus rachaidh sé i mbun idirphlé teicniúil láithreach leis an mBallstát lena mbaineann chun a fháil amach cé acu atá nó nach bhfuil aisiompú tar éis tarlú. Tar éis an idirphlé theicniúil sin, i gcás ina ndeimhnítear riosca aisiompaithe leis na mínithe sin, ba cheart don Choimisiún an Ballstát a chur ar an eolas i scríbhinn go measann an Coimisiún go bhfuil aisiompú tar éis tarlú (nó go mb'fhéidir gur tharla sé) agus barúlacha a lorg laistigh de 1 mhí amháin. Le measúnú den sórt sin lasmuigh de nós imeachta um iarratas ar íocaíocht, sholáthrófaí an t- am uasta don Bhallstát chun aghaidh a thabhairt ar an aisiompú. Ina leith sin, bheadh tuairimí an Choimisiúin ar eolas ag an mBallstát, agus mura ndéanfadh sé gníomhaíocht cheartaitheach roimh an gcéad iarratas eile ar íocaíocht, chuirfí cuid den chéad íocaíocht eile ar fionraí i gcomhréir leis an nós imeachta thuasluaite.

⁸ Más gá, chuirfí méideanna ar fionraí ó iarratais ar íocaíocht ina dhiaidh sin freisin más lú méid na tráthchoda don iarratas ar íocaíocht atá ar bun ná an luach ar cheart dó a bheith curtha ar fionraí.

Aguisín: Forálacha Dlíthiúla

Airteagal 24(3) de Rialachán RRF:

Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar bhonn tosaigh agus gan moill mhíchuí, agus ar a dhéanaí laistigh de dhá mhí ón am ar cuireadh isteach an iarraidh, ar cibé ar comhlíonadh go sásúil na clocha míle agus na spriocanna ábhartha a leagtar amach sa chinneadh cur chun feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 20(1) nó nár comhlíonadh iad. Tuigfear, ar chomhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna, nár aisiompaigh an Ballstát lena mbaineann bearta a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe.

Airteagal 6(4) den Chomhaontú Maoiniúcháin:

Féadfaidh an Coimisiún faisnéis fhorlíontach a iarraidh agus/nó seiceálacha agus rialuithe ar an láthair a dhéanamh chun comhlíonadh na ngarspriocanna agus na spriocanna a fhíorú, lena n-áirítear maidir le neamh-inaisiompaitheacht na ngarspriocanna agus na spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe.

Clásal 2.2 de Chomhaontuithe Oibriúcháin:

[...] I gcomhréir le hAirteagal 24(3) de Rialachán RRF, tá sé le tuiscint, maidir le comhlíonadh sásúil na ngarspriocanna agus na spriocanna, nach bhfuil an Ballstát tar éis bearta a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil cheana féin a aisiompú. Tabharfaidh [an Ballstát] fógra don Choimisiún faoi aon athrú sa doiciméadacht arna sainaitheint sa sásra fíorúcháin in Iarscríbhinn I ar a ndearnadh an measúnú sin, ar de chineál ábhartha é chun difear a dhéanamh do mheasúnú den sórt sin nó do mheasúnú ar gharspriocanna nó spriocanna amach anseo.

Litir um iarratas ar íocaíocht ón mBallstát:

Deimhnímid nár aisiompaíodh bearta a bhaineann le garspriocanna agus spriocanna a comhlíonadh go sásúil roimhe.